Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Lúnasa 2020
(OR. en)

10107/20
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0166(NLE)**

UD 125
CID 5
TRANS 338

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Lúnasa 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 361 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Riaracháin um an gCoinbhinsiún Custaim um Iompar Idirnáisiúnta Earraí faoi Carnets TIR maidir leis an togra chun an Coinbhinsiún a leasú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 361 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 361 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.8.2020
COM(2020) 361 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Riaracháin um an gCoinbhinsiún Custaim um Iompar Idirnáisiúnta Earraí faoi Carnets TIR maidir leis an togra chun an Coinbhinsiún a leasú**

**CEANGALTÁN**

# LEASUITHE AR CHOINBHINSIÚN TIR

## Leasuithe ar úsáid éigeantach an Bhainc Idirnáisiúnta Sonraí TIR (ITDB)

**1. Airteagal 38, mír 2, an chéad líne**
*In áit* laistigh de sheachtain amháin *cuir isteach* gan mhoill

**2. Iarscríbhinn 6, Nóta Míniúcháin a ghabhann le hAirteagal 38, mír 2, an tríú líne**
*In áit* a mheastar *cuir isteach* measfar

**3. Iarscríbhinn 6, Nóta Míniúcháin a ghabhann le hAirteagal 9, Cuid II, mír 4**
*In áit* Comhlíonfar na ceanglais dhlíthiúla do thíolacadh sonraí, mar a leagtar amach iad i mír 4 *cuir isteach* Tarchuirfear sonraí, mar a leagtar amach i mír 4

**4. Iarscríbhinn 9, Cuid II, mír 4, an chéad líne**
*In áit* laistigh de sheachtain amháin *cuir isteach* gan mhoill

**5. Iarscríbhinn 9, Cuid II, mír 4, deireadh na míre**
*In áit* i gcomhréir leis an údarú eiseamail ceangailte (MAF). *cuir isteach*
, áirítear orthu sin:

(a) Uimhir aitheantais aonair agus uathúil (ID) arna sannadh don duine ag an gcomhlachas ráthaíochta, i gcomhar leis an eagraíocht idirnáisiúnta lena bhfuil sí cleamhnaithe, i gcomhréir leis an bhformáid chomhchuibhithe arna cinneadh ag an gCoiste Riaracháin;
(b) Ainm (ainmneacha) agus seoladh (seoltaí) an duine (na ndaoine) nó an fhiontair, i gcás comhlachais gnó; ainmneacha na mbainisteoirí freagracha freisin;
(c) Ainm an teagmhálaí agus sonraí iomlán teagmhála; agus
(d) Cláruimhir thrádála nó uimhir cheadúnais iompair idirnáisiúnta nó uimhir eile (más ann di).

**6. Iarscríbhinn 9, Cuid II, mír 5**
*In áit* an téacs atá ann cheana *cuir isteach* Tarchuirfidh na comhlachais aon athrú ar shonraí na ndaoine údaraithe gan mhoill an uair bheacht a chuirtear sin ar a súile dóibh, chuig na húdaráis inniúla agus chuig Bord Feidhmiúcháin TIR.

**7. Iarscríbhinn 9, Cuid II, Foirm Eiseamláireach Údaraithe (MAF)**

*Bain amach* MAF atá i gceangal le hIarscríbhinn 9 Cuid II agus an téacs a ghabhann léi

## Leasuithe maidir le foilsiú éigeantach liosta oifigí custaim arna fhormheas chun oibríochtaí TIR a chur i gcrích in ITDB

**1. Iarscríbhinn 6, Nóta Míniúcháin nua 0.45**
*Cuir leis* Nóta Míniúcháin nua 0.45-1 a ghabhann le hAirteagal 45 de Choinbhinsiún TIR a *léifear* mar a leanas:

"0.45-1 An fhoráil dhlíthiúil chun liosta na n-oifigí Custaim imeachta, oifigí custaim ar an mbealach agus oifigí Custaim chinn scríbe arna fhormheas chun oibríochtaí TIR a chur i gcrích, measfar é a bheith comhlíonta freisin trí úsáid chuí a bhaint as feidhmchláir leictreonacha arna bhforbairt chuige sin ag rúnaíocht TIR faoi mhaoirseacht Bhord Feidhmiúcháin TIR."

**2. Iarscríbhinn 6, Nóta Míniúcháin 0.45**

*Athuimhriú* Nóta Míniúcháin atá ann cheana, 0.45 *athrófar sin go dtí* 0.45-2.

## Leasú maidir le saoráidí níos mó a bhféadfaidh páirtithe conarthacha a dheonú d'oibreoirí iompair

*Cuir leis* Nóta Míniúcháin nua a ghabhann le hAirteagal 49 a *léifear* mar a leanas:

0.49 Féadfaidh Páirtithe Conarthacha saoráidí níos mó a dheonú do dhaoine cuí-údaraithe, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, maidir le gcur i bhfeidhm fhorálacha an Choinbhinsiúin. Ba cheart go n-áireofar ar na coinníollacha a d'fhorordaigh na húdaráis inniúla ar dheonú na saoráidí sin, ar a laghad, cur i bhfeidhm na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide chun dea-iompar an nós imeachta TIR a áirithiú chomh maith leis an díolúine chun earraí a tháirgeadh, feithicil bhóthair, an comhdhéanamh na bhfeithiclí nó an coimeádán, leis an Carnet TIR ag oifigí Custaim imeachta nó oifigí Custaim, chinn scríbe, chomh maith le treoracha le haghaidh daoine cuí-údaraithe chun dualgais faoi leith a chomhlíonadh arna gcur de chúram ar údaráis chustaim de bhun Choinbhinsiún TIR, amhail, go háirithe, Carnet TIR a líonadh isteach agus a stampáil agus séala custaim a ghreamú nó a sheiceáil. Na daoine cuí-údaraithe a bhfuil aon tsaoráid níos mó deonaithe dóibh, ba cheart dóibh córas le haghaidh taifid a choinneáil a chur i bhfeidhm, córas a chuirfidh ar chumas na n-údarás custam rialú custaim éifeachtach a dhéanamh chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar an nós imeachta agus rialuithe randamacha a chur i gcrích. Ba cheart saoráidí níos mó a dheonú gan dochar do dhliteanas shealbhóirí Carnet TIR mar atá sonraithe in Airteagal 11, mír 2 den Choinbhinsiún.

## Leasuithe eile

**1. Airteagal 20, líne 1**

*In áit* an téacs atá ann cheana *cuir isteach* I gcás turais i gcríoch Pháirtí Chonarthaigh nó roinnt Páirtithe Conarthacha lena gcomhdhéantar aontas custaim nó eacnamaíoch, sonraigh na húdaráis inniúla chustaim

**2. Iarscríbhinn 6, Nóta Míniúcháin a ghabhann le hAirteagal 8, mír 3, deireadh an chéad mhír**

*In áit* $US 200,000 *cuir isteach* 400.000 euro